



Féinmheastóireacht Scoile

Comhdháil Oideachais: Gaelscoileanna Teo

23 Samhain 2014

Marina Ní Threasaigh

Jacqueline Ní Fhearghusa



Aidhm an tSeisiúin



- 1. Comhthéacs agus dúshláin FMS 2014 sa scoil lán-Ghaeilge: Cad atá ar siúl cheana féin ag scoileanna agus cad atá amach rompu?**
- 2. Tuairisciú ar sheimineár FMS i Mullach Íde: I dtreo an dea-chleachtais**
- 3. Súil faoi leith ar FMS ar an litearthacht Ghaeilge**

Comhthéacs



- Imlitir
- Anois; plean amháin ar a laghad i bhfeidhm; monatóireacht air/orthud
- Plean eile á chur i ngníomh
- Samplaí : scoil amháin (bunscoil agus iarbhunscoil)
 - Cad a rinne sibh?
 - Ca bhfuil sibh anois?
 - Cad a dhéanfaidh sibh amach anseo?

COINNIGH SIMPLÍ É!

Bunscoil agus iarbhunscoil



- Cad a rinne said?
- Cad a d'oibrigh go maith?
- Cad iad na dúshláin a bhí ann?
- Conas a sáraíodh iad?
- Conas a bhí a fhios acu gur éirigh go maith leo?
- Cad í an chéad chéim eile don scoil?

Tasc a 1



Cad iad na rudaí ar éirigh go maith leo i do scoil?

Cad iad na dúshláin a bhí ann agus conas a sáraíodh iad?

Seimineár FMS: Mullach Íde



- Cad a tharla?
- Príomh-theachtaireachtaí
- Suíomh
- Uasdátú
- Impleachtaí do mo scoil?

Teachtaireacht ón bpríomhchigire



FMS- turas: níl foirfeacht i gceist.

Buanna an phróisis go dáta:

- Fócas ar theagasc agus ar fhoghlaim
- Cómhrá i measc na foirne
- Comh-theanga cruthaithe
- Fócas ar an bpáiste/dalta/scoláire

Teachtaireacht ón bpríomhchigire



Gnéithe le forbairt:

- Próiseas nua agus scanrúil
- Machnamh ar theagasc agus ar fhoghlaim: dúshlánach
- Spriocanna a dhearadh
- Fianaise a bhailiú
- Ag tuairisciú do thuismitheoirí

Moltaí ón bpríomhchigire



- Tosaigh leis an ngné lena bhfuil sibh compórdach agus tóg ar an ngné sin
- “Le taithí thig máistreacht”
- Déan ceiliúradh ar dhul chun cinn
- Freagair croícheisteanna;
 - An bhfuil comhrá faoi FMS tosaithe?
 - Cad atá á dhéanamh agaibh chun togáil ar an gcómhrá sin? Conas a chuaigh sibh i ngleic le fadhbanna?
 - Ar fhéach sibh ar theagasc agus ar fhoghlaim sna rangsheomraí?

Foghlaim ó thaithí: An tOllamh John MacBeath



Cad atá de dhíth?

- Athbhreithniú gairmiúil
- Staidéar ar cheacht
- Comh-theagasc
- Meantóireacht agus cairdeas cabhrach
- Foghlaim ó agus le daltaí/scoláirí
- Pleanáil chomhoibríoch
- Comhráití faoin bhfoghlaim
- Ag roinnt agus ag plé obair na ndaltaí/scoláirí
- Cruinnithe struchtúrtha dírithe ar chleachtas

Moltaí ó phríomhoidí



- Coinnigh simplí é! Cuir fócas ar ghné faoi leith
- Tóg go mall é: próiseas fada atá ann
- Ná bailigh an iomarca fianaise: bailigh fianaise ó fhoinsí difriúla
- Téigh isteach i ranganna a chéile: tobar luachmhar fianaise
- Bíodh gníomhaíochtaí ceangailte le spriocanna faoi leith

Tasc a 2



Ag éirí as an méid a chuala sibh inniú faoi FMS agus seimineár Mhullach Íde agus ó bhur dtaithí féin;

Cén athruithe a dhéanfaidh sibh ar bhur gcleachtas féinmheastóireachta amach anseo?

FMS agus uimhearthacht



- Tábhachtach
- “Gach oide, gach rang agus gach lá”: cad iad na dúshláin atá romhat chun an teachtaireacht sin a chur i bhfeidhm?
- Comhthéacs difriúil ag gach scoil; níl freagra amháin ann.
- Teanga na Matamaitice sa scoil lán-Ghaeilge
- Réiteach faidhbe. An bhfuil córas againn, d’aon ghuth?

FMS agus an litearthacht Ghaeilge



- Dúshlán faoi leith sa scoil lán-Ghaeilge
- Labhairt, scríobh agus léamh fite fuaite
- Teanga an teagaisc agus na cumarsáide
- Teanga riachtanach agus teanga chomh-oiriúnach
- Sárchumas an mhúinteora agus túsicint ar theangeolaíocht de dhíth; taighde ó Ollscoil Durham
- Cúrsaí scríbhneoireachta; fócas faoi leith
- Creat Teagaisc agus Foghlama; torthaí foghlaimeora, eispéiris fhoghlama agus cleachtas múinteora

Tasc a 3



Scrúdaigh na bileoga a dháilfear

Cad iad na riachtanais atá ag do scoil maidir le:

- Gnóthachtaíil
- Foghlaim
- Teagasc

Cén ghné de na téamaí seo ar a mbeidh do scoil ag díriú aird amach anseo? Cén fáth?

Bileog 1: Gnóthachtáil



- Líofa san obair scríofa de réir a n-aoise, a gcúlra teanga agus a ranga inchurtha lena gcumas agus lena dtaithí
- Cruinn de réir a n-aoise, a gcúlra teanga agus a ranga inchurtha lena gcumas agus lena dtaithí
- Suim ag daltaí/scoláirí sa teanga scríofa agus tuiscint acu ar an teanga scríofa
- Ortagrafaíocht, foghraíocht, brí na Gaeilge
- Ábalta an teanga a usáid i gcomhthéacsanna cuí (*nath cainte a thógail ó chomhthéacs amháin go dtí comhthéacs eile*)

Bileog 1: Gnóthachtáil



- Ábhar na snáitheanna clúdaithe agus ar eolas/saintéarmaíocht ar eolas agus in úsáid go cuí
- Daltaí/scoláirí ábalta an foclóir cuí/briathra/múnlaí cainte a úsáid
- Teanga riachtanach agus teanga chomhoiriúnach ar a dtoil acu
- Eolas ar dhul na Gaeilge (teanga scríofa) tugtha, inmheánaithe agus curtha in iúl

Bileog 2: Foghlaim



- *Ag scríobh scríoptanna cuí* de réir a n-aoise, a gcúlra teanga agus a ranga inchurtha lena gcumas agus lena dtaithe
- Ag scríobh scríoptanna ina mbeidh forbairt ar chruinneas le feiceáil
- Ag díriú aird faoi leith ar ghnéithe de scríbhneoireacht na Gaeilge
- Aibítir: tús, lár agus díreadh, fuaimeanna;
 - Comhréir na teanga
 - Ceol/rithim na teanga
 - Dúchas na teanga
 - Brí na teanga

Bileog 4: Foghlaim



- Deiseanna líonmhara scríbhneoireachta tugtha
- Ceartaíonn daltaí/scoláirí a gcuid oibre féin de réir na dtreoracha a thugtar.
- *Bíonn said ...*
“Ag baint taitnimh as rainn, dánta, amhráin rithimiúla, imeartas focal, rabhlóga agus drámaí a scríobh de reir a n-aoise”.
- Ag foghlaim múnlaí cainte go foirmeálta agus á gcleachtadh san obair scríofa
- Gafa i ngíomhaíochtaí a dhéanfaidh dí-chomhthéacsú ar an scil scríbhneoireachta

Bileog 5:Teagasc



- *Úsáid na Gaeilge mar theanga scríofa a chur chun cinn*
 - ▪ Forbairt foclóra
 - ▪ Fócas ar bhrí agus ar fhoirm na teanga
 - ▪ Deiseanna líonmhara scríbhneoireachta tugtha
- Múintear próiseas agus córas athamhairc na scríbhneoireachta
- Teagasc foirmeálta de réir aoise ar chleachtais scríbhneoireachta cuí
- *Leideanna* tugtha chun an scríbhneoireacht a fhorbairt
- Rialacha gramadaí a mhúineadh (de réir...) i gcomhthéacs riachtanas an pháiste agus riachtanas na scríbhneoireachta
- Deiseanna féin-eagarthóireachta tugtha

Bileog 6: Teagasc



- Eiseamláiriú ar scríoptanna cumasacha
- Fócas ar scil faoi leith in aghaidh an téama
- Ceartú cuí m.sh. An ndearna tu x no y?
- Na samplaí is oiriúnaí a thabhairt chun solais
- Múin conas abairt, alt nó aiste a scríobh de réir coinbhinsiúin
- Ceartaigh an obair agus tabhair treoracha don fheabhsúchán
- Monatóireacht ..an bhfuil treoracha á leanúint?
- Cinntigh go bhfuil aidhm an cheachta soiléir.



- D'fhéadfadh an próiseas féinmheastóireachta cabhrú libh grinnstaidéar a dhéanamh ar an litearthacht Ghaeilge.
- Tá sé chéim sa phróiseas féinmheastóireachta

Céim a 1



- **Céim a 1.** Bailigh fianaise ó fhoinsí difriúla, torthaí ó scrúduithe caighdeánaithe ina measc. Bailigh cóipleabhair na ndaltaí/scoláirí agus scrúdaigh na cleachtais scríbhneoireachta a úsáideann siad. Féach ar shamplaí eile dá gcuid oibre. Fiosraigh cén botúin is coitianta a dhéantar, cé chomh saibhir agus atá an teanga atá in úsáid, cé chomh cruthaitheach agus atá an scríbhneoireacht.
- Cén dearcadh ata ag na daltaí/scoláirí i leith na scríbhneoireachta? Cé chomh minic agus a scríobhann siad as Gaeilge? An mbaineann siad úsáid as na meáin dhigiteacha chun scríobh as Gaeilge? Beidh ceistneoir beag ag teastáil chun na tuairimí sin a fháil, b'fheidir. Ta samplaí de na ceistneoirí seo ar fáil sna Treoirlínte.

Céim a 2



- **Céim a 2.** Déan **anailís** ar an bhfianaise seo. Tar le chéile mar fhoireann, nó i ngrúpaí beaga agus déan an fhianaise a mheá. Féach ar na **critéir mheastóireachta** atá sna Treoirínte. Leagann siad seo amach an cleachtas is fearr. Cuir do scoil i gcomparáid leis an dea-chleachtas seo. Cén bearnaí atá aitheanta agaibh? Conas ata an luathscríbhneoireacht á forbairt agus cén cineál timpeallachta litearthachta atá sna ranganna? An bhfuil réimse leathan téacsanna Gaeilge in úsáid i ngach rang?
- An bhfuil bun-tuiscint ag an daltaí/scoláirí ar ortagrafaíocht agus ar chóras fóineolaíochta na Gaeilge? Cé chomh minic agus a scríobhann siad réimse leathan téacsanna? Cén ghreim atá acu ar bhriathra agus ar aimsirí na Gaeilge agus cé chomh líofa is a scríobhann siad? Cad a deir a gcuid freagraí ar na ceistneoirí faoina ndearcthaí i leith na scríbhneoireachta?

Céim a 3



- **Céim a 3.** Ag éirí as staidéar a dhéanamh ar an bhfianaise seo ar fad tiocfaidh bhur scoil ar **chinneadh** faoi na láidreachtaí agus na laigí a bhaineann leis an scríbhneoireacht. Mar shampla, i scoil amháin aithneoidh sibh go bhfuil bua faoi leith ag na daltaí fuaimeanna na teanga a aithint agus a láimhseáil. D'fhéadfadh sé tarlú sa scoil seo go n-aontódh an fhoireann go bhfuil gá le forbairt a dhéanamh ar an luathscríbhneoireacht.
- Beidh plé i measc na foirne ar conas an luathscríbhneoireacht a fheabhsú. Féachfaidh sibh ar na **teamaí** agus ar na **fo-théamaí** ata sa **Chreat teagaisc agus foghlama** sna Treoirínte. Aithneoidh sibh gur gá gnéithe den teagasc a athrú trasna na scoile. Beidh plé ag an bhfoireann ar na gnéithe is práinní chuige seo.

Céim a 4,5,6



- **Céim a 4:** Scríobhfaidh sibh bhur dtuairisc fheinmheastóireachta scoile agus ceann gairid do na tuismitheoirí.
- **Céim a 5:** Leagfaidh sibh amach **plean feabhsúcháin** ina mbeidh spriocanna an-chinnteach deartha don scríbhnoireacht. Beidh bunspríoc agaibh go mbeidh an fhreagracht don scríbhneoireacht scaoilte ón múinteoir go dtí an dalta/scoláire. Seans go mbeidh sé mar sprioc agaibh go mbeidh bhur dteagasc chun breis béime a chur ar thrí ghné ar chontanam foghlama na litearthachta; **eiseamláiriú, tacú** agus **scríbhneoireacht neamhspleách**. Beidh rólanna ag gach duine sainithe sa phlean seo. Cuirfidh sibh plean feabhsúcháin gearr ar fáil do na tuismitheoirí.
- **Céim a 6:** Ansin tiocfaidh an chéim is dúshlánaí; an plean seo a chur in steille bheatha ar fud na scoile agus lasmuigh di, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air.

Scríbhneoireacht a mheas



- Struchtúr
- Cruthaitheacht
- Coinbhinsiúin
- Dul na teanga

Cleachtas FMS is fearr



Cíor na ceisteanna seo:

- An bhfuil scileanna scríbhneoireachta á múineadh go foirmeálta, ar bhonn leanúnach, ceimniúil?
- An bhfuil an ghramadach/foirm na teanga á múineadh ar dhóigh a oireann d'aois agus do chumais na ndaltaí/scoláirí
- An bhfuil deiseanna líonmhara á gcur ar fáil go minic do dhaltaí/scoláirí scríobh as a stuaim féin.
- An bhfuil béim chuí á cur ar an gcumadóireacht chruthaitheach.
- An dtuigeann múinteoirí an tábhacht a bhaineann lena ról féin sa ghné seo?
- An bhfuil deiseanna don fhorbairt ghairmiúil leanúnach á bhfáil ag múinteoirí?
- An dtugtar tacaíocht do dhaltaí /scoláirí an droichead a thrasnú ón bhfocal labhartha/léite go dtí an focal scríofa agus a mhalairt?

Achoimre



- Déan féinmheastóireacht ar ghné bheag
- Coinnigh simplí é!
- Gach rang, gach seomra, gach múinteoir
- Feasacht ar theanga na Gaeilge de dhíth móide cumas
- Comhtháthú na scileanna teanga
- Déan monatóireacht ar an dul chun chin
- Déan ceiliúradh ar na héachtaí



Ceisteanna?



**Go raibh maith
agaibh**



www.education.ie